Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialachán an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 an dualgas atá ar sholáthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin sin a chomhlíonadh. Tugann an Achta sin an t-údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair na cigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí mhionscrúdú ar cháipéisíocht

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Níor fógraíodh an chigireacht seo agus díriodh í ar réimse an rialachais/na sláinte, an leasa agus fhorbairt na leanaí/na sábháilteachta/na n-áitreabh agus na n-áiseanna. Féadfaidh an chigireacht díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar scrúdú ar chomhlíonadh faoi Rialacháin 9, 11, 15, 16, 19, 23, 25. Mar sin féin, le linn na cigireachta, aithníodh neamhchomhlíonadh breise ina raibh bagairt faoi Rialachán 31. Tá na torthaí seo leagtha amach laistigh den rialachán ábhartha sa tuarascáil seo.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndrúachtformáid chuig an tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon toradh. Nuair a shaináithnítear ceanglais reachtúla nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus conas a chinnteoidh sé nach dtarlóidh aon neamhchomhlíonadh arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomh Ceartaitheach agus um Ghníomh Coisctheach chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. Sa chás go dteipfeadh ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas maidir le géarú.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Buíochas

Is mian leis an gcigire aitheantas a thabhairt do chomhoibriú an duine i gceannas, an ionadaí, na foirne agus na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i

bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-

(a) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaoifa i gcás duine nach raibh aon fhostóir air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí air nó uirthi i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán póilíneachta ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

(1)

(a) Bhí duine ainmnithe i gceannas agus ionadaí ar fáil chun teacht ina ioand de réir mar is gá.

(b) Bhí an duine i gceannas agus an t-ionadaí i láthair san áitreabh lá na cigireachta.

(2)

Rinneadh measúnú ar dhoiciméid i ndáil le ceanglais Rialachán 9 i gcás seisir, 5 dhuine fhásta a bhí bainteach leis an tseirbhís agus dalta amháin idirbhliana a bhí i láthair tráth na cigireachta. Bhí na taifid seo a leanas ar fáil

(a) As na 12 theistiméireacht a bhí ag teastáil, bhí 5 theistiméireacht ó fhostóirí roimhe seo ina raibh na taifid bailíochtaíthe riachtanacha ar taifead acu.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

(b) As na teistiméireachtaí a bhí fágtha, tháinig 7 dteistiméireacht ó fhoinse eile seachas fostóir roimhe seo a raibh taifid den bhailíochtú riachtanach ar taifead acu.

(c) Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil ar taifead maidir leis na 5 dhuine fhásta. Ní raibh taifead grinnscrúdaithe an Gharda Síochána próiseáilte ag teastáil don dalta idirbhliana mar go raibh sí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Léirigh an tseirbhís freisin gur comhlíonadh an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúcháin ón nGarda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(d) Bhí imréiteach póilíní próiseáilte ar fáil do 1 bhall foirne a raibh cónaí air/uirthi lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí as a chéile.

(4)

Bhí fianaise ann gur bhain na 3 bhall foirne agus an comhordaitheoir dámhachtain mhór amach i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 – Leibhéal foirne

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

(3) Faoi réir mhír (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnach go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 2 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) dá bhrí sin ag an uimhir thagartha sin.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

(1)

Chinntigh an duine i gceannas go raibh líon imleor daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí lá na cigireachta.

(3)

Le linn na tréimhse cigireachta, coinníodh an cóimheas foirne le leanaí de réir na rialachán agus bhí líon leordhóthanach daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí.

Bhí 19 leanbh idir 2 bhliain, 8 mí agus 6 bliana d'aois i láthair sa tseirbhís sheisiúnach le 3 dhuine fhásta i láthair agus dalta amháin idirbhliana ar socrúchán oibre. Bhí an cóimheas idir leanaí agus daoine fásta ceart.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach a chinntiú go gcoimeádfar taifead i scríbhinn maidir le gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

- a) ainm agus dáta breithe an linbh;
- (b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;
- c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;
- (d) ainm agus seoladh tuismitheora no' caomhno'ra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar fe'idir dul i dteagmha'il leis an tuismitheoir no' leis an gcaomhno'ir sin no' le gaol no' le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;
- (e)údarú chun an leanbh a bhailiú;
- (f) mionsonraí aon bhreiteachta, aon mhí'chumais, aon aille'irge no' aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisne'is go le'ir is iomchuí' maidir le cu'ram no' aire speisialta a shola'thar;
- (g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;
- (h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;
- (i)toiliú scríofa tuismitheora do chóireáil leighis chuí don leanbh i gcás éigeandála

Faisnéis maidir le comhlíonadh

1)(a) go (i)

Rinneadh athbhreithniú ar shampla de 12 fhoirm chlárúcháin do leanaí agus fuarthas amach go raibh na gnéithe faisnéise go léir a cheanglaítear le Rialachán 15 (1) (a) go (i) san áireamh iontu uile.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead maidir le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(h) sonraí faoi thinreamh gach linbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) sonraí faoi uainchlár foirne ar bhonn laethúil.

(k) sonraí maidir le haon tionóisc, díobháil nó teagmhas a bhain le leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

- (1)
- (h) Bhí taifead scríofa ar láithreacht gach linbh ar bhonn laethúil ar fáil agus á chothabháil sa tseirbhís.
- (i) Coinníodh uainchlár foirne seachtainiúil sa tseirbhís. Léirigh an t-uainchlár foirne ainmneacha na foirne, agus na hamanna teachta agus imeachta gach lá.
- (k) Bhí taifid ag an tseirbhís ina raibh sonraí faoi aon tionóisc nó teagmhas a tharla sa tseirbhís. Sampla de na taifid tionóiscí agus teagmhas a ndearnadh athbhreithniú orthu; bhí gach ceann acu sínithe ag tuismitheoir an linbh mar fhianaise gur cuireadh an fhaisnéis ar aghaidh.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt leanaí

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn seirbhís réamhscoile a sholáthar-

(a) go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus dea-bhail gach linbh laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí, an idirghníomhaíocht, na hábhair agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

Bunriachtanais

- Chuir an tseirbhís bia sláintiúil chun cinn agus tugadh faoi deara go raibh an bia a chuir na tuismitheoirí agus na caomhnóirí ar fáil do smailceacha i lár na maidine sláintiúil agus cothaitheach. Tugadh cead do na leanaí cabhrú ina seal gach lá chun tascanna a dhéanamh amhail an bord a leagan, lóna a bhailiú agus a dháileadh ag am smailceacha i lár na maidine. Breathnaíodh gur ócáid shóisialta a bhí sa smailceacha i lár na maidine, agus na leanaí ag comhrá go saor i dtimpeallacht shuaimhneach. Thairg an fhoireann cúnamh cuí agus breathnaíodh orthu ag oscailt boscaí lóin, ag oscailt cartáin iógairt de réir mar a bhí gá.
- Freastalaíodh go pras agus go hógair ar riachtanais leithris agus sláinteachais na leanaí. Spreag agus thacaigh na daoine fásta leis na leanaí úsáid neamhspleách an leithris a dhéanamh de réir mar ba chuí roimh ithe, tar éis dóibh dul chuig an leithreas, le linn súgradh salacha agus le linn súgradh lasmuigh.
- Bhí na baill foirne socair agus suaimhneach agus iad ag éascú deiseanna súgartha agus ag comhlíonadh dualgas cúraim. Níor úsáideadh ach toin ísle agus breathnaíodh dea-bhreathnú sa tsúil leis na leanaí le linn idirghníomhaíocht duine le duine.
- Breathnaíodh gur oibrigh na baill foirne go maith le chéile agus bhí cur amach ag na leanaí ar an ngnáthamh.
- Chabhraigh an fhoireann le leanaí comhroinnt agus fanacht lena seal agus obair le chéile mar ghrúpa a aithint agus a thuiscint mar a chonacthas ar lá na cigireachta nuair a bhí leanaí páirteach i gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear le linn am ealaíon agus ceardaíochta. Breathnaíodh na leanaí ag fanacht lena seal, ag roinnt a dtaithe i ndáil le gníomhaíochtaí boird mar shampla breathnaíodh na leanaí ag gearradh agus ag gliú páipéir. Chothaigh an ghníomhaíocht scileanna mínluaile na leanaí agus phléigh sí na dathanna éagsúla a bhí ar an bpáipéar a bhí á gearradh acu.
- Muinín i bhforbairt teanga trí mheán na Gaeilge ina bpléadh ábhair éagsúla lena n-áirítear na huimhreacha, na dathanna, laethanta na seachtaine. Úsáid cártaí amhairc chun na leanaí a spreagadh

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

chun plé a dhéanamh, teidí ag déanamh gníomhaíochtaí cúraim laethúla bunúsacha mar shampla ithe agus ól.

- Breathnaíodh go raibh an fhoireann ag idirghníomhú ar bhealach comhbhách leis na leanaí ag cur lena muinín agus a scileanna cumarsáide laistigh den suíomh. Le linn gníomhaíochtaí boird a breathnaíodh, thug an fhoireann tacaíocht agus spreagadh do na leanaí, a d'aithin a gcuid iarrachtaí agus a gcuid éachtaí.

Timpeallacht Fhisiciúil agus Ábhartha

- Fuarthas amach go raibh an t-áitreabh glan, geal agus dea-chothabháilte agus lig na fuinneoga in-oscailte solas an lae agus aeráil isteach.
- Bhí líon leordhóthanach bord agus cathaoireacha de mhéid leanaí sa seomra súgartha, agus seilfeanna oscailte ina raibh an réimse leathan ábhar agus trealamh súgartha ar taispeáint ar bhealach inrochtana do na leanaí.
- Thug an seomra súgartha fairsing deis do na leanaí bogadh go saor, agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla, amhail ealaín agus ceardaíocht, súgradh samhailteach agus gníomhaíochtaí boird.
- Leagadh amach an seomra i stíl théamach chun spéis na leanaí a spreagadh agus a mhealladh chun a bheith ag súgradh, ag sóisialú agus ag fiosrú. Chuir leagan amach an tseomra rochtain neamhspleách ar na hábhair go léir chun cinn chun neamhspleáchas agus saoirse rogha na leanaí a chothú.
- Comhlíonadh riachtanas na leanaí maidir le scíth, suaimhneas agus compord mar go raibh mataí boga agus cúisíní sa seomra cúraim ag an limistéar scíthe. Bhí na leanaí in ann rochtain a fháil ar an limistéar scíthe sin de réir mar a roghnaigh siad le haghaidh súgartha nó am ciúin.
- Bhí roinnt gníomhaíochtaí boird ann chun scileanna mínluaile a spreagadh amhail míreanna mearaí, snáithiú pionnaí agus míreanna tógála beaga agus móra.
- Bhí coimeádán gainimh ann le trealamh súgartha chun súgradh céadfach a chur chun cinn
- Bhí cúinne baile dea-fheistithe ann le gléasadh suas agus míreanna chun súgradh bréige a spreagadh.
- Bhí ballaí na seirbhíse maisithe le múrphictiúir théamacha, cairteacha breithlae, grianghraif teaghlaigh agus saothair ealaíne na leanaí do shéasúr na Nollag.
- Bhí rochtain dhíreach ag na leanaí ar limistéar slán súgartha lasmuigh suite in aice leis an áitreabh. Bhí dromchla uile-aimsire ann sa limistéar ar mhaithe le sábháilteacht agus compord na leanaí agus iad ag súgradh. Breathnaíodh súgradh oll-luaile amhail rith, léim, fráma dreapadóireachta le céimeanna, sleamhnán agus droichead adhmaid. Breathnaíodh leanaí ag glacadh sealanna ar an dá luascán tacaíochta

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

faoi dhlúthmhaoirseacht na foirne. Bhí crandaí bogadaí seasta agus traein súgartha adhmaid ann. Breathnaíodh na leanaí agus iad gléasta go cuí agus iad ag súgradh amuigh faoin aer.

Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile

Rialachán 22 – Bia agus deoch

Cinntoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch leordhóthanach, oiriúnach, cothaitheach agus éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

- Chuir tuismitheoirí agus caomhnóirí na leanaí gach bia ar fáil, agus bhí buidéal uisce dá gcuid féin ag na leanaí.
- Breathnaíodh lóin shláintiúla chothaitheacha á n-ithe ag smailceacha i lár na maidine, mar shampla ceapairí, cácaí ríse, rollaí, iógairt, rogha torthaí agus glasraí mionghearrtha agus díslithe.
- Bhí uisce inólta ar fáil do na leanaí.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint

Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Nuair a tháinig an cigire chuig an tseirbhís, fuarthas amach go raibh an príomhdhoras isteach daingnithe agus coinnithe slán nuair nach raibh sé in úsáid. Laghdaigh sé sin an baol go rachadh daoine neamhúdraithe isteach sna háitribh agus laghdaigh sé an dóchúlacht go n-imeodh leanbh nuair nach mbeadh aon duine ag coinneáil súil air nó uirthi.
- Bhí glais sábháilteachta feistithe ar gach prios íseal faoin mbáisín níocháin sa seomra súgartha.
- Bhí an bosca garchabhrach stóráilte go cuí agus ní raibh rochtain ag leanaí air.
- Ní raibh aon chábla ná fleisce rianaithe i bhfeidhm laistigh de rochtain na leanaí sa seomra súgartha.
- Fuarthas amach go raibh na hábhair shúgartha i gcaoi mhaith gan aon pointe fáiscithe ná imill ghéara ann.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

- Bhí an limistéar súgartha lasmuigh slán go leordhóthanach le fáлта arda miotail agus adhmaid agus geataí faoi ghlas nuair a bhí na leanaí ag súgradh amuigh faoin aer.

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Bhí uisce reatha te, gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir i mbáisíní níocháin na leanaí, le haghaidh níochán agus triomú sláinteach lámh. Breathnaíodh na leanaí ag ní lámha roimh smailceacha i lár na maidine, tar éis dul chuig an leithreas, súgradh salach agus súgradh lasmuigh.
- Breathnaíodh go raibh na táblaí díghalraithe roimh am smailceacha.
- Bhí boscaí bruscair troitheánacha ann chun tuáillí páipéir a dhiúscairt.
- Coinníodh an t-áitreabh i gcaoi ghlan agus shláinteach. Cheadaigh na fuinneoga oscailte solas an lae agus aeráil teacht isteach.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Cé go raibh cuisneoir san áitreabh. Breathnaíodh nár cuisníodh na bianna solofa a chuir tuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil mar smailceacha i lár na maidine do na leanaí sular itheadh iad, rud a mhéadaigh an baol go millfí bia agus go dtarlódh tinneas bia-iompartha do leanbh.

Gníomh curtha isteach ag an Soláthraí Clártaite

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Sa fhreagairt cheartaitheach agus choisctheach (CAPA) a fuarthas, dúradh go gcinnteoidh an duine atá i gceannas feasta go gcuirfear na bianna solofa go léir a sholáthraíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí mar smailceacha i lár na maidine do na leanaí sa chuisneoir nuair a shroichfidh na leanaí an tseirbhís gach lá. Tá an cuisneoir suite sa chistin.

Doiciméid tacaíochta curtha isteach

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Glactar leis an bhfreagra i scríbhinn ón tseirbhís mar fhianaise.

Nóta Achomair

- Rinneadh scrúdú ar chomhfhreagras a cuireadh ar aghaidh chuig Cigireacht na Luathbhlianta agus measadh go raibh sé ag comhlíonadh riachtanas Rialachán 23, Rialú Ionfhabhtaithe, de na Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhair do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-

(a) go stórálfar é go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus

(b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

(1) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh foireann ar fáil i gcónaí le hoiliúint chuí don fhreagróir garchabhrach (FAR). Léirigh an deimhniú FAR a bhí ar taifead go raibh oiliúint reatha ag beirt ar an bhfoireann.

(2)

(a) Stóráladh an bosca garchabhrach go sábháilte in áit nach raibh na leanaí teacht air sa tseirbhís. Bhí an bosca garchabhrach stóráilte in áit a raibh rochtain éasca air ar an áitreabh.

(b) Bhí an bosca garchabhrach lánfheistithe ar fáil i gcónaí do dhaoine fásta dá mbeadh cóireáil ag teastáil ó leanbh.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn-

(a) aon chleachtadh dóiteáin a bheidh ar siúl san áitreabh, agus

(b) líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh atá suite san áitreabh.

(4) Déanfar fógra faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh

(1)

(a) Bhí taifead ar fáil de na cleachtaí dóiteáin míosúla a rinneadh agus léirigh sé gur tharla an cleachtadh dóiteáin deireanach ar an

20 Samhain 2025.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

(b) Coinníodh líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin. Taifeadadh gur seirbhísíodh an trealamh dóiteáin go deireanach ar an 10 Lúnasa 2025 agus gur tástáladh agus gur seirbhísíodh an córas aláraim dóiteáin éigeandála go deireanach ar an 11 Márta 2025.

(4)
Bhí nós imeachta aslonnaithe dóiteáin na seirbhíse ina raibh sonraí maidir leis an nós imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sa tseirbhís.

Cuid VIII - Fógraí agus Gearáin

Rialachán 31 - Fógra faoi theagmhais

Cuirfidh soláthraí cláraithe an Ghníomhaireacht ar an eolas i scríbhinn laistigh de 3 lá oibre tar éis dó a bheith ar an eolas faoin teagmhas seo a leanas a tharla sa tseirbhís réamhscoile:

(e) teagmhas ina n-imíonn leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ar iarraidh agus é/í ag freastal ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

(e) Nuair a rinneadh athbhreithniú ar thaifid na seirbhíse tráth na cigireachta, tugadh faoi deara nár chuir an tseirbhís an Ghníomhaireacht ar an eolas i scríbhinn faoi theagmhas infhógartha a tharla sa tseirbhís i mí na Bealtaine 2025.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach curtha isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach

(e) Tar éis don soláthraí cláraithe agus don chomhordaitheoir réigiúnach de chuid Oifig Forbartha Comhar Naíonraí na Gaeltacht a bheith ar an eolas faoi theagmhas infhógartha a tharla sa tseirbhís, shocraigh an comhordaitheoir réigiúnach cruinniú leis an bhfoireann reatha, tar éis na cigireachta seo.

Thuairiscigh an comhordaitheoir agus an fhoireann go ndearna siad athbhreithniú ar pholasaithe maoirseachta agus sábháilteachta na seirbhíse. Rinneadh athbhreithniú ar na polasaithe, a bhaineann go saineúil leis an áitreabh a bhfuil an tseirbhís ag feidhmiú uaidh anois. Rinneadh measúnú riosca sábháilteachta le déanaí ar na limistéir shúgartha laistigh agus lasmuigh agus aird ar leith á tabhairt ar shlándáil an phríomhdhorais isteach agus na ndoirse inmheánacha laistigh den áitreabh, agus an tseirbhís i bhfeidhm. Bhí na cleachtais a breathnaíodh le linn na cigireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta athbhreithnithe. Laghdaigh sé sin an baol go rachadh daoine neamhúdraithe isteach sna háitribh agus laghdaigh sé an dóchúlacht go n-imeodh leanbh nuair nach raibh aon duine ag coinneáil súil air nó uirthi.

Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

Phléigh an bhainistíocht leis an bhfoireann an tábhacht a bhaineann leis an soláthraí cláraithe agus leis an gcomhordaitheoir réigiúnach a chur ar an eolas faoi aon teagmhas a tharlaíonn laistigh den tseirbhís díreach tar éis dó tarlú.

Doiciméid tacaíochta curtha isteach

Chuir an tseirbhís foirm Fógra Teagmhais chomhlánaithe isteach i dtaca le teagmhas a tharla i mí na Bealtaine 2025.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí, cuireadh taifead Fógra Teagmhais isteach. D'iarr an chigireacht na polasaithe seo a leanas, chuir sí isteach iad agus rinne sí athbhreithniú orthu agus mheas sí go raibh siad sásúil.

- Polasaí Bainistíochta Riosca lena n-áirítear an measúnú riosca sábháilteachta is déanaí a cuireadh i gcrích i limistéir laistigh agus lasmuigh den tseirbhís.
- Polasaí Timpiste agus Teagmhais
- Polasaí maidir leis an gCead chun leanaí a bhailiú
- Polasaí do Leanaí Ar Iarraidh

Nóta Achomair

Rinneadh scrúdú ar chomhfhreagras a cuireadh ar aghaidh chuig Cigireacht na Luathbhlianta agus measadh go raibh sé ag comhlíonadh na gceanglas faoi Rialachán 31 (e) de Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016.